Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

15162/23

SOC 745
EMPL 532
ENV 1258

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tuilleadh daonlathais ag an obair agus cómhargáil ghlas le haghaidh obair chuibhiúil agus fás inbhuanaithe cuimsitheach<br>- *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht sraith dréacht-Chonclúidí ón gComhairle dar teideal 'Tuilleadh daonlathais ag an obair agus cómhargáil ghlas le haghaidh obair chuibhiúil agus fás inbhuanaithe cuimsitheach'.

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 28 Meán Fómhair agus an 16 agus an 31 Deireadh Fómhair 2023.

3. Tar éis comhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis na Conclúidí mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – a dhearbhú go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú maidir le téacs na ndréachtchonclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad; agus

   – na dréacht-Chonclúidí, atá i gceangal leis seo, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (EPSCO) an 27 Samhain 2023 lena bhformheas.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuilleadh daonlathais ag an obair agus cómhargáil ghlas le haghaidh obair chuibhiúil agus fás inbhuanaithe cuimsitheach**

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle**

**DE BHRÍ AN MHÉID SEO LEANAS:**

1. Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine; tá an daonlathas, agus na gnéithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta de, ríthábhachtach dár sochaí.

2. Feidhmíonn an daonlathas go maith nuair is féidir le gach duine a bheith rannpháirteach agus a dtuairimí a chur in iúl go héifeachtach i ngach réimse dá saol, lena n-áirítear ina n-ionad oibre. Tá an daonlathas ag an obair ar cheann de na bunluachanna agus cinntíonn sé go mbeidh Eoraip shóisialta níos córa agus níos cuimsithí ann.

3. Is cuid den mhúnla sóisialta Eorpach é an daonlathas ag an obair agus feictear foirmeacha éagsúla de san Aontas agus ina Bhallstáit, mar shampla an fhaisnéis a thugtar d'oibrithe agus go dtéitear i gcomhairle leo, an chómhargáil, idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe i gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cuideachta ar bith.

4. Le tuilleadh daonlathais ag an obair is féidir rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe an Aontais agus, go háirithe, le geilleagar sóisialta margaidh iomaíoch agus cuimsitheach, as a dtiocfaidh lánfhostaíocht, obair chuibhiúil agus dul chun cinn sóisialta, chomh maith le fás inbhuanaithe.

**AGUS AN MÉID SEO A LEANS Á MHEABHRÚ AICI:**

5. Airteagail 12, 27 agus 28 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena ráthaítear saoirse comhthionóil agus comhlachais, ceart oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin ina n-ionad oibre agus an ceart chun cómhargála agus chun gníomhaíochta comhchoitinne.

6. I bPrionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ina dtagraítear don idirphlé sóisialta agus do rannpháirtíocht na n-oibrithe, agus i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a thíolaic an Coimisiún an 4 Márta 2021, aithnítear a thábhachtaí atá an t-idirphlé sóisialta, an chómhargáil, faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht oibrithe agus a n-ionadaithe ar leibhéil éagsúla (lena n-áirítear ar leibhéal na cuideachta agus na hearnála). Tá ról tábhachtach ag prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ag Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le bearta a spreagadh atá dírithe ar aistrithe eacnamaíocha a mhúnlú agus nuálaíocht san ionad oibre a chur chun cinn, i bhfianaise go háirithe an dá aistriú atá ar siúl faoi láthair agus na n-athruithe i saol na hoibre.

7. An Gealltanas Sóisialta a tugadh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto 2021, ina n-iarrtar go ndéanfaí an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn mar chomhpháirt struchtúraithe den mhúnla sóisialta Eorpach agus a neartú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach, earnála agus cuideachta.

8. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, lena leagtar síos, mar Sprioc Forbartha uimhir 8, fás eacnamaíoch cuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn.

9. Tústuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an daonlathas ar láthair na hoibre an 26 Aibreán 2023[1], ina measann sé go mbraitheann tuilleadh daonlathais i saol na hoibre ar bhunúis dlí riachtanacha agus iomchuí a bheith ann agus ar chomhar eolasbhunaithe na ngeallsealbhóirí uile. Tá feidhm ag an méid sin go háirithe i gcomhthéacs an dúshláin a ghabhann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

10. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Bealtaine 2023 ar threochlár maidir le hEoraip shóisialta – 2 bhliain tar éis Chruinniú Mullaigh Sóisialta Porto[2], ina n-iarrtar ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe sóisialta an Aontais oibriú i dtreo cumhdach cómhargála níos mó agus ina n-iarrtar go gcuirfí san áireamh sa chistiú ón Aontas cuspóirí beartais phoiblí, mar shampla, ceanglais shóisialta.

11. Tústuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cómhargáil ghlas an 31 Bealtaine 2023[3], ina measann sé go bhféadfaí díriú níos mó ar an gcómhargáil ar na leibhéil iomchuí sna saincheisteanna a bhaineann leis an aistriú glas agus gur dóigh amháin a bheadh oiriúnach ab ea an chómhargáil ghlas a chur chun cinn ar gach uile leibhéal.

12. Tuarascáil féintionscnaimh neamhreachtach maidir leis an Daonlathas ag an Obair ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2021[4], lena gcuirtear chun cinn rannpháirtíocht oibrithe ar leibhéal na cuideachta mar bhealach chun tacú leis an daonlathas ag an obair agus ina n-iarrtar gníomhaíocht bhreise i réimsí na faisnéise, an chomhairliúcháin agus na rannpháirtíochta d'oibrithe, comhairlí oibreacha, chomh maith le dlí na gcuideachtaí agus rialachas corparáideach.

---

1 Tústuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an daonlathas ar láthair na hoibre an 26 Aibreán 2023, SOC/746-EESC-2022: https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/democracy-work

2 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Bealtaine 2023 ar threochlár maidir le hEoraip shóisialta – 2 bhliain tar éis Chruinniú Mullaigh Sóisialta Porto https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0203_GA.html

3 Tústuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cómhargáil ghlas an 14 Meitheamh 2023: https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/democracy-work

4 Téacsanna arna nglacadh – Creat Eorpach le haghaidh chearta rannpháirtíochta na bhfostaithe agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha – Déardaoin, an 16 Nollaig 2021 (europa.eu)

13. Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna, ina n-iarrtar go ndéanfaí bearta, mar shampla dearadh conairí aistrithe agus comhpháirtíochtaí scileanna ar mórscála a chur chun cinn, chomh maith le straitéisí agus oiliúint náisiúnta, earnála agus cuideachta-shonrach do scileanna, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta.

14. Dlí an Aontais atá ann cheana maidir le rannpháirtíocht fostaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta, go háirithe Treoir 2002/14/CE lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, Treoir 98/59/CE maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna chomh maith le Treoir 2009/38/CE maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha agus Treoracha 2001/86/CE agus 2003/72/CE maidir le rannpháirtíocht fostaithe sa Chuideachta Eorpach agus sa Chomharchumann Eorpach.

15. An Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú[5], ina n-iarrtar ar na Ballstáit foráil a dhéanamh do rannpháirtíocht iomlán agus fhóinteach na n-oibrithe ar gach leibhéal agus a n-ionadaithe, lena n-áirítear faisnéis agus comhairliúchán, a mhéid a bhaineann le hathrú a thuar agus le próisis athstruchtúraithe a bhainistiú, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha leis an aistriú glas.

[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022H0627(04)

16. **Chun críocha na gConclúidí seo**, ciallaíonn 'cómhargáil' an chaibidlíocht uile a tharlaíonn de réir dlíthe agus cleachtais náisiúnta i ngach Ballstát idir fostóir, grúpa fostóirí nó eagraíocht fostóirí amháin nó níos mó, ar thaobh amháin, agus ceardchumann amháin nó níos mó, ar an taobh eile, chun dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a chinneadh**; ciallaíonn 'comhaontú comhchoiteann' comhaontú i scríbhinn maidir le forálacha ar dhálaí oibre agus téarmaí fostaíochta arna thabhairt i gcrích ag na comhpháirtithe sóisialta a bhfuil sé d'acmhainneacht acu margáil a dhéanamh thar ceann oibrithe agus fostóirí faoi seach de réir an dlí náisiúnta agus cleachtais náisiúnta, lena n-áirítear na cleachtais sin ar fógraíodh iad a bheith infheidhme.**

17. An Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach, lena gcuirtear treoir ar fáil do na Ballstáit, mar shampla, maidir le conas idirphlé sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear cómhargáil, trí thimpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta déphháirteach agus trípháirteach agus trí pháirt a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta ar bhealach córasach, fiúntach agus tráthúil agus trína áirithiú go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis ábhartha.

18. Coinbhinsiúin ábhartha EIS, go háirithe Coinbhinsiún 87 maidir le saoirse comhlachais agus cosaint an chirt eagrúcháin agus Coinbhinsiún 98 maidir leis an gceart eagrúcháin agus chun cómhargála.

**AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR AN MÉID SEO A LEANAS:**

19. Leis an daonlathas ag an obair bíonn gá le córais chómhargála dhea-fheidhmiúla, cómhargáil a chur chun cinn, straitéisí agus spásanna éifeachtacha le haghaidh cineálacha éagsúla rannpháirtíochta oibrithe agus a n-ionadaithe i gcuideachta, agus na cineálacha éagsúla eagrúcháin, bainistíochta agus maoirseachta corparáidí á gcur san áireamh.

20. Leis na samhlacha náisiúnta éagsúla maidir le rialachas fiontar corparáideach is féidir le hoibrithe a bheith rannpháirteach sa rialachas sin. Is féidir leis na samhlacha sin rannchuidiú le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus le hobair chuibhiúil, agus is féidir leo feabhas a chur ar iomaíochas cuideachtaí agus ar rannpháirtíocht na n-oibrithe mar aon le tiomantas do spriocanna cuideachta.

21. Le hidirphlé tráthrialta, trédhearcach, measúil agus leathan idir na comhpháirtithe sóisialta, is féidir leibhéal níos airde muiníne a ghiniúint agus rannchuidiú le próisis oiriúnaithe níos rathúla agus níos cothroime a fhorbairt i gcomhthéacs na n-athruithe iomadúla nach mór do chuideachtaí agus eagraíochtaí eile dul i ngleic leo.

22. Leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, mar aon leis na claochluithe eile a dhéanann difear do shaol na hoibre, mar shampla athruithe déimeagrafacha agus an imirce, is gá céimeanna breise a thabhairt chun an daonlathas a neartú ag an obair chun fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus obair chuibhiúil a chur chun cinn a thuilleadh.

23. Caithfidh na dlíthe de chuid an Aontais atá ann cheana maidir le faisnéis a thabhairt d'oibrithe agus dul i gcomhairle leo a bheith oiriúnach don fheidhm agus ní mór na hathruithe i saol na hoibre a chur san áireamh iontu.

24. Ón tús, d'fhéadfadh rannpháirtíocht oibrithe i bpróisis chinnteoireachta chorparáideacha a bheith chun tairbhe do cinntí straitéiseacha, rud a mhaolódh ar an mbaol go mbeadh coinbhleachtaí ann amach anseo.

25. Tá rochtain ionadaithe oibrithe ar chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cuideachtaí bunriachtanach má táthar le peirspictíocht na n-oibrithe a chomhtháthú i gcóras bainistíochta ginearálta cuideachta, go háirithe faoi chuimsiú cuideachtaí trasnáisiúnta, agus ní mór iad a fhorbairt i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó le cleachtais náisiúnta.

26. Leis an aistriú digiteach agus le digitiú cuideachtaí, tá dúshláin nua roimh éifeachtacht na gceart chun faisnéise agus comhairliúcháin. Bíonn tionchar acu sin ar na spásanna fisiciúla ina ndéantar an obair agus, dá réir sin, ar choincheap na bunaíochta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh úsáid na hintleachta saorga agus bainistiú algartamach in eagrú na hoibre, sa chaidreamh saothair nó i gcineálacha nua oibre tionchar a imirt ar an gcaoi is féidir faisnéis a thabhairt do na hoibrithe agus dul i mbun comhairliúcháin leo. Tá ról ríthábhachtach ag forfheidhmiú éifeachtach na gceart chun faisnéise agus comhairliúcháin, agus chun cómhargála, maidir le cearta oibrithe a fhorbairt agus a urramú i gcomhthéacs phróisis an digitithe chomh maith le húsáid na hintleachta saorga agus na n-algartam in eagrú na hoibre agus sa chaidreamh saothair.

27. Is bealach an-oiriúnach go deo é an t-idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, ar gach leibhéal, le hoiliúint agus athsciliú oibrithe a chur chun cinn, ós rud é go bhfuil eolas pearsanta ag na comhpháirtithe sóisialta ar na scileanna atá de dhíth ar mhargadh an tsaothair i láthair na huaire agus a bheidh de dhíth air amach anseo, agus i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh freisin.

28. Tá an t-idirphlé sóisialta, lena n-áirítear an chómhargáil, ar gach leibhéal agus laistigh dá sainchúraim, ríthábhachtach freisin chun aistrithe leordhóthanacha ó phost go post a áirithiú, chun poist ardcháilíochta a chruthú san aistriú sin, lena n-áirítear poist ghlasa, nó chun pá agus dálaí oibre leormhaithe a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus le foghlaim ar feadh an tsaoil.

29. Tá ról lárnach ag an gcómhargáil ghlas, ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal trasearnála agus earnála, agus ar leibhéal na cuideachta, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, arna sainiú mar inneachar na cómhargála i saincheisteanna a bhaineann leis an aistriú glas, maidir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a dhaingniú agus maidir leis an aistriú i dtreo geilleagar cuimsitheach aeráidneodrach. Tá ról na gcomhpháirtithe sóisialta, a gcaithfear a neamhspleáchas a urramú, ríthábhachtach má táthar le réitigh chothroma a cheapadh agus a chur chun feidhme, a éascóidh aistriú cóir i dtreo geilleagar dícharbónaithe agus a thacóidh le hEoraip ghlas agus shóisialta.

30. I bhfianaise an mhéid thuas, ní mór do na comhpháirtithe sóisialta a bheadh diongbháilte chun an daonlathas ag an obair a bhaint amach agus chun an chómhargáil ghlas le haghaidh obair chuibhiúil agus fás cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ní mór freisin an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chur chun cinn chun cur leis an gcumhdach.

31. Cuireann an tacar seo conclúidí leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla a thug an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus geallsealbhóirí ábhartha sa réimse seo. Tá na gealltanais pholaitiúla sin a tugadh roimhe seo san áireamh freisin sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn.

**IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí náisiúnta, agus cleachtais náisiúnta á gcur san áireamh acu, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

32. Forbairt bhreise ar chineálacha éagsúla daonlathais ag an obair a chur chun cinn sa reachtaíocht náisiúnta nó i gcleachtais náisiúnta.

33. Bearta a dhéanamh chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm éifeachtach an chreata Eorpaigh maidir le cearta na n-oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin, mar shampla, na córais atá ann cheana maidir le smachtbhannaí éifeachtacha agus chun ionadaithe oibrithe a chosaint.

34. Leanúint de bheith ag treisiú leis an idirphlé sóisialta agus leibhéal níos airde cumhdaigh cómhargála a chur chun cinn agus cómhargáil éifeachtach a chumasú, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir leis an Rún ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023, agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú ag an am céanna, mar aon le prionsabal na saorchaibidlíochta deonaí.

35. An taithí agus na dea-chleachtais arna bhfáil ó shásraí náisiúnta agus Eorpacha maidir le rannpháirtíocht oibrithe i gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cuideachtaí a roinnt.

36. An chómhargáil ghlas a fhorbairt a thuilleadh ar leibhéal trasearnála, earnála agus cuideachta, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus a neamhspleáchas agus prionsabal na saorchaibidlíochta deonaí á n-urramú ag an am céanna.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, agus ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta á n-urramú ag an am céanna, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

37. Tionscnaimh a fhorbairt a cheapfar chun breis feasachta a mhúscailt maidir le rialacha náisiúnta agus rialacha an Aontais i dtaobh cearta na n-oibrithe chun faisnéise, chun comhairliúcháin agus chun rannpháirtíochta, chun béim a leagan ar na héifeachtaí dearfacha fianaisebhunaithe a leanann rannpháirtíocht na n-oibrithe agus chun malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a chur chun cinn.

38. Rannchuidiú leis an idirphlé shóisialta san Aontas a neartú agus tionscnaimh a spreagadh chun leibhéal níos airde cumhdaigh cómhargála a chur chun cinn agus cómhargáil éifeachtach a chumasú, mar shampla trí chistiú poiblí, trí thacaíocht do ghnólachtaí nó tríd an soláthar poiblí.

39. Leanúint de bheith ag breithniú, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, an bhfuil dlí reatha an Aontais maidir le faisnéis a thabhairt d’oibrithe agus maidir le dul i gcomhairle leo oiriúnach i gcónaí don fheidhm. Ní mór a chur san áireamh leis sin, mar shampla, na hathruithe a eascraíonn as an aistriú digiteach, ar nós úsáid na hintleachta saorga agus bainistiú algartamach in eagrú na hoibre, sa chaidreamh saothair nó i gcineálacha nua oibre, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le forfheidhmiú éifeachtach na gceart chun faisnéise agus chun comhairliúcháin sna Ballstáit;

40. Machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le dlí an Aontais a fhorbairt a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht oibrithe i gcuideachtaí, go háirithe i gcás cuideachtaí trasnáisiúnta, agus ar a ábhartha a bheadh na forbairtí sin. Ba cheart a chur san áireamh leis sin, mar shampla, go gcaithfear féachaint chuige nach rachfar timpeall ar, nó nach mbainfear an bonn de, chearta rannpháirtíochta oibrithe má chruthaítear cuideachtaí agus comharchumainn Eorpacha, agus oibríochtaí trasteorann.

41. Idirphlé sóisialta a spreagadh maidir le claochlú digiteach cuideachtaí agus tionchar an chlaochlaithe sin ar dhálaí oibre, agus an cur chuige duinelárnach a chur chun cinn maidir le húsáid na hintleachta saorga, na n-algartam agus an digitithe, agus cearta aonair agus comhchoiteanna oibrithe á n-urramú.

42. Forbairt na cómhargála glaise a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach, ar leibhéal trasearnála, earnála agus cuideachta agus an t-aistriú glas á chur chun feidhme. Ní mór don fhorbairt sin saintréithe na gcóras cómhargála intíre a urramú go hiomlán agus d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo, mar shampla: na deiseanna nua fostaíochta agus cruthú post glas; tionchar an aistrithe ghlais ar chomhtháthú críochach agus sóisialta; na haistrithe idir earnálacha éagsúla gníomhaíochta; an t-uas-sciliú, an oiliúint agus an t-athsciliú a bheidh riachtanach i gcás oibrithe; na bearta a bheidh le déanamh ar mhaithe leis na grúpaí oibrithe agus leis na críocha is leochailí ó thaobh na n-athruithe a eascróidh as an aistriú glas; an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair; dálaí oibre; an tsoghluaisteacht a mhéid a bhaineann le taisteal chuig an ionad oibre; agus oiliúint agus speisialtóireacht leordhóthanach a chur ar fáil do na comhpháirtithe sóisialta.

## Na Tagairtí

### 1. Idirinstitiúideach AE

- Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:12012P/TXT

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017.

  https://commission.europa.eu/publications/european-pillar-social-rights-booklet_ga

### 2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

- Treoir 2001/86/CE ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2001 lena bhforlíontar an Reacht do Chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe.

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32001L0086

- Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo.

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32002L0014

- Treoir 2003/72/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena bhforlíontar an Reacht do Chomharchumann Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe.

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32003L0072

- Treoir 2009/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le Comhairle Oibreacha Eorpach a bhunú nó nós imeachta i ngnóthais ar leibhéal an Chomhphobail agus i ngrúpaí gnóthas ar leibhéal an Chomhphobail a bhunú chun críoch fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo.

  https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2009:122:0028:0044:EN:PDF

- Treoir (AE) 2019/2121 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann.

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019L2121

- Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32022H0627(04)

- Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach.

**3. Parlaimint na hEorpa**

- Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2021 ar an Daonlathas ag an Obair: creat Eorpach do chearta rannpháirtíochta na bhfostaithe agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha.

  https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2021-0331_GA.html

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le hAthbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpach.

  https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0028_GA.html

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú.

  Téacsanna arna nglacadh — An t-idirphlé sóisialta a neartú — Déardaoin, an 1 Meitheamh 2023 (europa.eu)

**4. An Coimisiún Eorpach**

- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú

  https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023DC0040

**5. Na Náisiúin Aontaithe**

- Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe

  https://sdgs.un.org/goals